AN COIMISIÚN EORPACH

# DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Sa ráiteas príobháideachais seo, tugtar eolas duit faoi phróiseáil agus cosaint do shonraí pearsanta.**

**An oibríocht phróiseála:** Cartlanna an Choimisiúin a bhainistiú, lena n-áirítear i stór chartlanna digiteacha an Choimisiúin, a-REP

**An Rialaitheoir Sonraí:** SG.C.1 - An Trédhearcacht, Bainistíocht Doiciméad & Rochtain ar Dhoiciméid

**Tagairt taifid:** DPR-EC-00837

**Clár**


1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**
3. **Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?**
7. **Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **Tuilleadh eolais**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo feasta) tiomanta do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh de bhun [Rialachán (AE) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001).

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta, an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a ndéanfaimid cosaint na sonraí sin a chinntiú, an chaoi a n-úsáidtear an t-eolas sin, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an oibríocht phróiseála 'Cartlanna an Choimisiúin Eorpaigh a bhainistiú', rud a dhéanann SG.C.1 — Trédhearcacht, Bainistiú Doiciméad agus Rochtain ar Dhoiciméid.

Déanann Seirbhís um Chartlann Stairiúil an Choimisiúin (OIB.LS1.002) cuid den phróiseáil a bhaineann leis an oibríocht phróiseála sin a théann níos faide ná comhaid a aistriú chuig an tSeirbhís um Chartlann Stairiúil. Próiseálann an tSeirbhís um Chartlann Stairiúil sonraí pearsanta chun measúnú a dhéanamh ar chartlanna a chuirtear isteach lena n-aistriú, chun ábhar atá aistrithe a ghlacadh, a phróiseáil agus a bhainistiú, chun cuardaigh a dhéanamh air agus chun é a chur ar fáil do ranna nó do sheirbhísí an Choimisiúin arna iarraidh sin. Déanann an tSeirbhís um Chartlann Stairiúil cur síos ar an ábhar a aistríodh agus déanann sí athbhreithniú ar a inrochtaine atá an t-ábhar sin os coinne na n-eisceachtaí maidir le nochtadh dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 354/83 ón gComhairle agus cuireann sí i dtaisce é san Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans na hIodáile, tar éis di na cartlanna roghnaithe a oscailt don phobal i gcomhréir leis an Rialachán seo ón gComhairle.

Sonraí pearsanta a chumhdaítear leis an taifead seo, próiseálann gach roinn nó seirbhís de chuid an Choimisiúin a aistríonn comhaid chuig an tSeirbhís um Chartlann Stairiúil iad mar rialaitheoir '*de facto*'.

Gníomhaíonn an Institiúid Ollscoile Eorpach, institiúid atá bunaithe i bhFlórans na hIodáile, mar phróiseálaí faoi threoir an Choimisiúin. Le linn an chúraim atá uirthi caomhnú agus cosaint na cartlainne arna dtaisceadh a áirithiú, próiseálann sí na sonraí pearsanta atá i gcartlann stairiúil an Choimisiúin agus cuireann sí an chartlann stairiúil ar fáil don phobal. Tá eolas níos mionsonraithe faoi ról na hInstitiúide i gcaibidil 6 den ráiteas príobháideachais seo.

## 2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

<u>Cuspóir na hoibríochta próiseála</u>: bailíonn agus úsáideann an Coimisiún do chuid faisnéise pearsanta chun

- a chinntiú go ndéantar doiciméid a bhfuil luach stairiúil nó riaracháin ag baint leo a roghnú lena gcaomhnú go buan agus a oscailt don phobal i gcás inar féidir, de réir mar a

cheanglaítear leis an Rialachán maidir le Cartlanna[1]. De réir mar a cheanglaítear leis an Rialachán maidir le Cartlanna freisin, tar éis iad a oscailt don phobal, déantar cartlanna stairiúla an Choimisiúin a thaisceadh i gCartlann Stairiúil an Aontais san Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans na hIodáile.

- bheith in ann doiciméid de chuid an Choimisiúin a cuireadh sa chartlann a aisghabháil chun críocha gnó inmheánach a chomhlíonadh, lena n-áirítear leanúnachas gnó agus próiseáil iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

- ligean do chartlannaithe, do ghairmithe bainistíochta doiciméad agus d'fhoireann eile de chuid an Choimisiúin
an feidhmchlár TF a úsáid le haghaidh caomhnú digiteach fadtéarmach (a-REP).

De ghnáth, ní chun sonraí pearsanta i ndoiciméid a cuireadh sa chartlann a bhainistiú agus a chaomhnú a bhailítear agus a phróiseáiltear na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos. Is gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Na sonraí pearsanta atá sna doiciméid a aistrítear chuig an gcartlann stairiúil, is cuid dhílis agus riachtanach de na doiciméid sin iad. Murach na sonraí pearsanta sin a bheith ann, bheadh na doiciméid neamhiomlán agus chaillfidís a luach stairiúil, dlíthiúil agus/nó riaracháin, i.e. chaillfidís an luach a bhaineann lena gcoimeád mar chartlanna. Mar sin féin, sula n-aistrítear doiciméid chuig na cartlanna stairiúla, glactar roinnt céimeanna réamhchúraim mar chosaint chun a chinntiú nach n-aistrítear doiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta íogaire chuig an gcartlann stairiúil nó go gcuirtear bratach leo ionas gur féidir iad a chosaint go cuí.

***Ní*** bhainfear úsáid as do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh.

## 3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó le linn feidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid de chuid an Aontais nó don chomhlacht de chuid an Aontais;

(b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a bhfuil an Rialaitheoir Sonraí faoina réir.

Is é dlí an Aontais atá mar bhonn leis an bpróiseáil thuasluaite Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle[2] maidir le cartlann_stairiúil an Aontais Eorpaigh a oscailt don phobal, chomh maith le Cinneadh C(2020)4482 ón gCoimisiún maidir le bainistiú taifead agus cartlanna a foilsíodh mar Chinneadh (AE) 2021/2121 ón gCoimisiún.

## 4. Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?

Chun an oibríocht phróiseála seo a dhéanamh, bailímid na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

[1] Rialachán Uimh. 354/83 ón gComhairle maidir le cartlann stairiúil an Aontais Eorpaigh a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 1)

[2] IO L 43, 15.2.1983, lch. 1

Sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith sna doiciméid a aistrítear chuig na cartlanna stairiúla nó a d'fhéadfadh a bheith ina meiteashonraí. Aon sonraí pearsanta den sórt sin a bhailigh na seirbhísí tionscnaimh sular aistríodh na sonraí sin chuig na cartlanna stairiúla.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna meiteashonraí:

- Ainm;
- Feidhm;
- Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, uimhir fóin póca, uimhir facs, seoladh poist, cuideachta agus roinn, tír chónaithe, seoladh IP, etc.).

Féadfar sonraí pearsanta a bheith sna doiciméid féin freisin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-aistrítear líon mór catagóirí speisialta sonraí a thagann faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear comhaid phearsanra, comhaid sláinte agus comhaid a bhaineann le himeachtaí araíonachta, chuig na cartlanna stairiúla. Mar sin féin, d'fhéadfadh sonraí pearsanta íogaire a bheith sna doiciméid a aistrítear chuig na cartlanna stairiúla, lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí. Sa chás sin, tugann an tseirbhís aistritheach fógra maidir leis na comhaid lena mbaineann agus déanfar an rochtain orthu a theorannú. An phróiseáil a dhéantar ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, tá sí bunaithe ar Airteagal 10(2)(j) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Fuaireamar do shonraí pearsanta sna doiciméid a d'aistrigh Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin chuig cartlanna stairiúla an Choimisiúin Eorpaigh.

Ina theannta sin, i gcás bhaill foirne inmheánacha an Choimisiúin ar úsáideoirí iad de stór cartlainne digití an Choimisiúin (a-REP), baileofar na sonraí pearsanta seo a leanas ó phróisis shonracha:

- *Sonraí pearsanta i* ***sonraí an riain iniúchóireachta*** *agus i* ***sonraí an tsreafa oibre***
  Ainm, sloinne, roinn, seoladh ríomhphoist an údair/na n-údar nó na rannpháirtithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí bainistíochta cartlann ar leibhéal na meiteashonraí.

- *Sonraí pearsanta i sonraí* ***bainistíochta*** *agus* ***rialaithe rochtana***
  Féadfar ainm, sloinne, roinn, seoladh ríomhphoist agus cearta rochtana aonair úsáideora a phróiseáil.

## 5. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?

Ní choinnímid do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu, is é sin: chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Go deimhin, cuirtear tús le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nuair a aistrítear na doiciméid lena mbaineann chuig an gcartlann stairiúil i gcomhréir le Liosta Coiteann Coinneála an Choimisiúin. Is féidir na sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse éiginnte i gcás ina roghnaítear an doiciméad lena mbaineann le haghaidh caomhnú buan. Cuirfear deireadh leis an bpróiseáil i gcás ina roghnaítear an doiciméad lena mbaineann lena dhíothú tar éis an dara hathbhreithniú, a dhéantar idir 25 agus 30 bliain tar éis a chruthaithe.

Sonraí pearsanta a bhaineann le foireann inmheánach an Choimisiúin atá i rianta iniúchóireachta agus i sreafaí oibre, coinneofar iad chomh fada agus a choimeádtar na comhaid agus na doiciméid lena mbaineann siad.

## 6. Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte etc.) a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh nó ar fhreastalaithe a chonraitheoirí. Déantar na hoibríochtaí próiseála uile de bhun Chinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhaíochtaí iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go bhfaighfí rochtain neamhúdaraithe orthu, ag cur san áireamh an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil agus na cineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, tá cead rochtana ar na sonraí a theorannú do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

I gcás aon oibríochta próiseála thar ceann an Choimisiúin, tá sé de cheangal ar an Institiúid Ollscoile Eorpach, i gcás ina gcuireann an Coimisiún a chartlann stairiúil i dtaisce tar éis a n-oscailte don phobal, rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh trí bhíthin an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta (CCC) a shínigh sé leis an gCoimisiún i mí an Mhárta 2019 (agus aon leagan athnuaite a thugtar cothrom le dáta gach 5 bliana). Is ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá infhorfheidhmithe é an CCC seo. Ceanglaíonn an CCC ar an Institiúid Ollscoile Eorpach a áirithiú go bhfuil bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí i bhfeidhm ionas go gcomhlíonfaidh próiseáil sonraí pearsanta ceanglais Rialachán (AE) 2018/1725.

## 7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta do na baill foirne de chuid an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a fheidhmiú agus do na baill foirne atá údaraithe de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais'. Cloíonn na baill foirne sin le comhaontuithe reachtúla rúndachta agus, nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Áirítear ar fhaighteoirí na sonraí pearsanta atá sna doiciméid a aistrítear chuig na cartlanna stairiúla Seirbhís um Chartlann Stairiúil an Choimisiúin, a bhainistíonn na cartlanna stairiúla, agus aon Ard-Stiúrthóireacht nó Seirbhís de chuid an Choimisiúin ar gá dóibh doiciméid sna cartlanna stairiúla a cheadú chun críche gnó dlisteanach. Ina theannta sin, tar éis iad a oscailt don phobal, cuirtear cartlanna stairiúla an Choimisiúin i dtaisce san Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans na hIodáile, áit a gcuirtear ar fáil don phobal iad.

Is eagraíocht idirnáisiúnta í an Institiúid Ollscoile Eorpach. Dá bhrí sin, is é atá i gceist le taisceadh chartlann stairiúil an Choimisiúin san Institiúid Ollscoile Eorpach aistriú sonraí pearsanta go heagraíocht idirnáisiúnta, rud a rialaítear le Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725. Meastar go n-áirithíonn an Institiúid Ollscoile Eorpach coimircí iomchuí de réir bhrí Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/1725 bunaithe ar na breithnithe seo a leanas:

- Tá Cinneadh Uimh. 10/2019 ón Uachtarán an 18 Feabhra 2019 maidir le Cosaint Sonraí san Institiúid Ollscoile Eorpach glactha ag an Institiúid Ollscoile Eorpach de bhun na rialacha lena rialaítear í agus mar ionstraim cheangailteach inmheánach. Sonraítear sa chinneadh sin go ngníomhóidh Cartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh laistigh den Institiúid Ollscoile Eorpach mar phróiseálaí i leith institiúidí an Aontais a dhéanann taisceadh agus leagtar amach ann forálacha sonracha maidir le rialachas cosanta sonraí san Institiúid Ollscoile Eorpach, *inter alia* maidir le cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna dlí a bheith ar fáil d'ábhair sonraí.

- Tá sé de cheangal ar an Institiúid Ollscoile Eorpach rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh trí bhíthin an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta ('CCC') a shínigh sí leis an gCoimisiún i mí an Mhárta 2019 (agus aon leagan athnuaite, arna thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana). Áirítear in CCC (ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá in-fhorfheidhmithe) forálacha sonracha maidir le cosaint sonraí agus ceanglaítear leis go n-áiritheoidh an Institiúid Ollscoile Eorpach go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí i bhfeidhm ionas go gcomhlíonfar i bpróiseáil sonraí pearsanta ceanglais Rialachán (AE) 2018/1725 agus go ráthófar cosaint chearta na n-ábhar sonraí.

Féadfaidh an pobal breathnú ar chartlanna stairiúla an Choimisiúin a luaithe a bheidh na cartlanna sin 30 bliain d'aois agus ar an gcoinníoll nach dtagann siad faoi cheann de na heisceachtaí i ndáil lena n-oscailt. Ceann de na heisceachtaí sin a shonraítear sa Rialachán maidir le Cartlanna is ea príobháideacht agus sláine an duine aonair a chosaint, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhoiciméid chartlainne a oscailt don phobal.

Tá coimircí i bhfeidhm chun a áirithiú nach n-aistrítear doiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta íogaire chuig an gcartlann stairiúil nó nach n-osclaítear don phobal iad. Mar sin féin, cuid de na doiciméid a chuirtear ar fáil don phobal, d'fhéadfadh roinnt sonraí pearsanta ó ábhair sonraí atá fós beo a bheith iontu. Más gá, féadfaidh an Coimisiún srian a chur ar cheadú na ndoiciméad sin. Is féidir a áireamh ar shrianta nach gcuirfear rochtain ar fáil ach amháin i seomraí léitheoireachta gan an deis cóipeanna a dhéanamh, go bhfuil cosc ar athúsáid, nach gceadaítear cuardach iomlán ar théacs ar dhoiciméid dhigiteacha nó dhigitithe, nó is féidir aon bheart iomchuí eile a bheith i gceist leo.

De bhun phointe (13) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, maidir leis na húdaráis phoiblí a fhéadfaidh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúchán ar leith i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, ní mheasfar gur faighteoirí iad. Comhlíonfaidh an phróiseáil bhreise a dhéanfaidh na húdaráis phoiblí sin ar na sonraí sin na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí de réir na gcríoch atá leis an bpróiseáil.

Ní thabharfar an t-eolas a bhailímid ó shonraí an riain iniúchóireachta agus ó shonraí an tsreafa oibre, ó shonraí bainistíochta agus rialaithe rochtana d'aon tríú páirtí, seachas a mhéid is gá nó chun na críocha is gá chun an dlí a chomhlíonadh.

## 8. <u>Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?</u>

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. Faoi dhálaí áirithe, tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, srian a chur lena bpróiseáil agus agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála agus tá an ceart agat chun iniomparthachta sonraí.

Foráiltear le Rialachán (AE)2018/1725 d'eisceachtaí maidir le cearta na n-ábhar sonraí i gcás ina bpróiseáiltear a sonraí pearsanta lena gcartlannú ar mhaithe le leas an phobail. Áirítear ar na heisceachtaí sin:

- eisceacht ón gceart chun faisnéise, bunaithe ar Airteagal 16(5)(b) den Rialachán, más rud é go bhfuil sé dodhéanta an fhaisnéis sin a chur ar fáil nó go mbainfeadh iarracht dhíréireach lena cur ar fáil, go háirithe chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde stairiúil;

- eisceacht ón gceart go ndéanfaí léirscriosadh, bunaithe ar Airteagal 19(3)(d), ós rud é gur dócha go bhfágann sé sin nach féidir cuspóirí na próiseála a ghnóthú chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún ina leith nó go ndéanfaí dochar dá ngnóthú;
- eisceacht ar an gceart go gcuirfeadh an rialaitheoir srian le próiseáil, bunaithe ar Airteagal 20(2), a mhéid a bhaineann le próiseáil i ndáil le stóráil.

Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 25(4) den Rialachán gur féidir maoluithe a bhunú ó chearta na n-ábhar sonraí dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 20, 21, 22 agus 23 chun próiseáil a dhéanamh chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. I gcomhréir le hAirteagal 25(4), is le cinneadh ón gCoimisiún[3] ina leagtar amach rialacha inmheánacha maidir le bainistiú doiciméad agus cartlann sa Choimisiún a bhunaítear maoluithe den sórt sin. Foráiltear leis an gcinneadh do mhaoluithe maidir leis na cearta seo a leanas atá ag ábhair sonraí i gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail:

- an ceart rochtana don ábhar sonraí (Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725)
- an ceart go ndéanfaí ceartúcháin i gcás ina bhfuil sonraí pearsanta neamhiomlán nó míchruinn i ndáil le hábhar sonraí (Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725)
- an oibleagáid fógra a thabhairt go ndearnadh sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh (Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2018/1725
- an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála (Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/1725)

I gcomhréir le hAirteagal 25(4) agus le hAithris 33 de Rialachán (AE) 2018/1725, ní mór aon mhaolú ar chearta na n-ábhar sonraí a bheith riachtanach chun críoch cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh. Tá gá leis na maoluithe a shonraítear thuas chun gur féidir cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus chun sláine na ndoiciméad a roghnaíodh lena gcaomhnú go buan a chaomhnú, ar oibleagáidí reachtúla iad atá ar an gCoimisiún. Ina theannta sin, dá ndeonófaí an ceart rochtana a bheadh ag an ábhar sonraí, bheadh iarracht riaracháin dhíréireach ón gCoimisiún i gceist agus bhainfí an bonn ar bhealach tromchúiseach óna fheidhm maidir lena chartlanna stairiúla a chaomhnú.

Tá na maoluithe sin faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 13 agus Aithris 33 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus an cinneadh ón gCoimisiún maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna (C(2020)4482), agus cuirfear i bhfeidhm iad tar éis measúnú cás ar chás.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríocht phróiseála ar leith nó roinnt oibríochtaí próiseála, tabhair tuairisc orthu, is é sin a dtagairtí taifid mar a shonraítear faoi Cheannteideal 10 thíos, i d'iarratas.

## 9. <u>Sonraí teagmhála</u>

### - An Rialaitheoir Sonraí

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí

[3]Cinneadh C(2020)4482 ón gCoimisiún maidir le bainistíocht taifead agus cartlanna, a foilsíodh san Iris Oifigiúil mar Chinneadh (AE) 2021/2121 ón gCoimisiún.

pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí, SG.C1, ag sg-edomec@ec.europa.eu.

- **Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 leis an seoladh ríomhphoist: DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, i.e. gearán a dhéanamh leis, trí edps@edps.europa.eu má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

## 10. Tuilleadh eolais

Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin clár a fhoilsiú de na hoibríochtaí próiseála uile atá déanta ag an gCoimisiún ar shonraí pearsanta, ar oibríochtaí iad atá doiciméadaithe agus curtha in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Cuireadh an oibríocht phróiseála shonrach sin ar chlár poiblí Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPR-EC-00837.